

Roinn 2



Acmhainní agus Ioncam

Máire

Tá Máire 16 bliana d'aois agus tá sí díreach tosaithe sa tríú bliain sa mheánscoil.



Oibríonn sí idir 8-12 uair sa tseachtain agus tuilleann sí timpeall €100 in aghaidh na seachtaine. Traenáilann sí ceithre huair sa tseachtain ina club dornálaíochta. Maireann gach seisiún traenála 2 uair an chloig. Beidh comórtas dornálaíochta ollmhór aici an samhradh seo chugainn.

Tá sprioc aici carr a cheannach nuair a bheidh sí 18 mbliana d'aois. Dá bhféadfadh sí €20 a chur ar leataobh gach seachtain ar feadh dhá bhliain, bheadh timpeall €2000 aici i dtreo chostas an chairr.



Beidh scrúduithe aici ag deireadh na bliana agus beidh uirthi am a chur ar fáil chun ullmhúchán a dhéanamh ina leith.

Crann Cinnteoireachta

Tá spriocanna éagsúla ag Máire gur mian léi a bhaint amach. Mar shampla, torthaí maithe sna scrúduithe, páirt a ghlacadh sa chomórtas dornálaíochta agus carr a cheannach. Is iad na hacmhainní atá aici ná am agus ioncam.

Sa chrann cinnteoireachta thíos luaigh dhá sprioc atá ag Máire agus na hacmhainní atá aici chun na spriocanna seo a bhaint amach.

Liostaigh buntáistí 👍 agus míbhuntáistí 👎 i ngach cás

Ansin roghnaigh sprioc, tabhair cúis gur roghnaigh tú an sprioc seo agus mínigh conas gur féidir an sprioc seo a bhaint amach.





Acmhainní agus Ioncam Crann Cinnteoireachta

Spríoc Roghnaithe:

Cúis gur roghnaíodh agus an tslí gur féidir í a bhaint amach:

Buntáistí:

Míbhuntáistí

Buntáistí:

Míbhuntáistí

Spríoc 1:

Spríoc 2:

Acmhainní Mháire:

Spríocanna Mháire:

